Culture and Creativity Plan 2017
Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

Creative Ireland Clare
Éire Ildánach An Chláir

Contents
ÁBHAR

Foreword	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	6	Clár Éire Ildánach
The Creative Ireland Team in Clare	8	Foireann Éire Ildánach i gContae an Chláir
Implementation	13	Cur i bhfeidhm
Projects for 2017	14	Tionscadail do 2017
Promotional Events 2017	17	Imeachtaí Poiblíochta 2017

Comhairle Contae an Chláir
Clare County Council

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

Foreword
RÉAMHRÁ

We are delighted to introduce the Creative Ireland plan for County Clare and to outline Clare County Council's role in this important national initiative.

The Creative Ireland Programme is a culture based programme designed to promote individual, community and national well-being. It follows on from the successful 1916/2016 programme template and comprises five pillars – with local authorities curating the second pillar entitled Enabling creativity in every community. The Creative Ireland Programme demonstrates two critically important aspects of local governance: first, local authorities are the primary instruments of community engagement and second, local authorities have a particular capacity for local programme delivery, especially in the context of citizen engagement.

The empowerment of local authorities to lead the engagement of citizens in arts and cultural activities in each county is well established through the work of Arts Officers, Librarians, Heritage Officers, Museum Curators and Archivists. To build on this engagement, Clare County Council and other authorities have been asked to develop a Culture and Creativity Plan for 2017 and from 2018 to draft a cultural strategy to cover the period 2018-2022.

Clare County Council have established a Cultural team bringing together a number of disciplines connected with arts and culture in the county – thus maximizing synergies and focusing attention on the capacity of the Local Authority to foster and encourage creative activity. The team is led by a Director of Service.

Tá lúcháir orainn plean Éire Ildánach Chontae an Chláir a chur i láthair agus cur síos ar ról Chomhairle Contae an Chláir sa tionscnamh tábhachtach náisiúnta seo.

Clár cultúrbhunaithe atá i gClár Éire Ildánach, é ceaptha le leas agus folláine an duine, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Tá sé bunaithe ar theimplead an chlár 1916/2016, a raibh an-rath air, agus tá cúig cholún leis. Tá na comhairlí contae ag díriú ar an dara colún, Bonn a Chur faoin gCruthaitheacht i nGach Pobal. Léiríonn Clár Éire Ildánach dhá ghné ríthábhachtacha den rialú áitiúil. Is é an chéad cheann gurb iad na húdaráis áitiúla is fearr le haghaidh teagmhála leis an bpobal, agus is é an dara gné nach bhfuil sárú na n-údarás áitiúil le fáil maidir le cláir áitiúla a thabhairt i gcrích go háitiúil, go háirithe nuair atá rannpháirtíocht na saoránach i gceist leo. Tá na húdaráis áitiúla i ngach contae cumasaithe go maith cheana féin – trí obair na nOifigeach Ealaíon, na Leabharlannaithe, na nOifigeach Oidhreachta, na gCoimeádaithe Músaeim agus na gCartlannaithe – rannpháirtíocht na saoránach i ngníomhaíochtaí ealaíon agus cultúir a stiúradh. Chun cur leis an rannpháirtíocht sin, iarradh ar Chomhairle Contae an Chláir agus ar údaráis eile plean Cultúir agus Cruthaitheachta le haghaidh 2017 a fhorbairt agus dréacht de straitéis chultúir a dhéanamh in 2018 don tréimhse 2018-2022.

Tá Meitheal Chultúir bunaithe ag Comhairle Contae an Chláir ina dtugtar le chéile daoine de dhisciplíní éagsúla ealaíon agus cultúir atá lonnaithe sa chontae – ionas go dtarlóidh an comhoibriú agus an comhar is fearr agus go ndíreofar aird ar chumas na nÚdarás Áitiúil gníomhaíochtaí cruthaitheacha a chothú agus a spreagadh. Tá Stiúrthóir Seirbhísí i gceannas ar an meitheal.

The Creative Ireland Programme, supported by Clare County Council, developed and recently implemented Cruinniú na Cásca on Easter Monday – this will become an annual programme of arts activities and cultural reflection over the Easter period each year. Successful Cruinniú events were held in both Clare Museum and at glór on Easter Monday, 17th April.

Clare County Council, through the Culture Team, has created a comprehensive plan for 2017 which highlights and strengthens Clare's reputation as a county of rich culture and creativity. This plan details the projects and initiatives to be delivered in Clare this year.

We wish to congratulate the Culture Team on preparing this plan and acknowledge the local communities across the county who are participating in this worthwhile initiative.

Cllr Bill Chambers
Cathaoirleach / Mayor

Pat Dowling
Chief Executive

Le tacaíocht ó Chomhairle Contae an Chláir, d'fhorbair Clár Éire Ildánach Cruinniú na Cásca le déanaí; is ar Luan na Cásca a bhí an Cruinniú ar siúl. Clár bliantúil de ghníomhaíochtaí ealaíon agus de mhachnamh ar an gcultúr a bheidh sa chruinniú, a eagrófar um Cháisc gach bliain. Eagraíodh imeachtaí rathúla Cruinnithe ar an 17ú Aibreán i mbliana, Luan na Cásca, i Músaem an Chláir agus in glór.

Tá plean cuimsitheach le haghaidh 2017 déanta ag Comhairle Contae an Chláir, tríd an Meitheal Chultúir, a chuireann béim ar chlú an Chláir mar chontae atá saibhir ó thaobh cultúir agus cruthaitheachta de. Sa phlean seo tá mionsonraí ar na tionscadail agus ar na tionscnaimh a chuirfear i bhfeidhm i gContae an Chláir i mbliana.

Is mian linn comhghairdeas a ghabháil leis an Meitheal Chultúir as an bplean seo a ullmhú, agus guímid rath ar na pobail áitiúla ar fud an chontae atá ag glacadh páirte sa tionscnamh fiúntach seo.

Cllr Bill Chambers
An Cathaoirleach / AnMéara

Pat Dowling
An Príomh-fheidhmeannach

The Creative Ireland Programme
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

Creative Ireland is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025– Éire Ildánach which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to, and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Is éard is Clár Éire Ildánach ann Clár Oidhreachta an Rialtais le haghaidh Éire 2016. Tionscnamh cúig bliana is ea é, ó 2017 go 2022, a chuireann an chruthaitheacht ag croílár beartas poiblí. Tionscnamh ardleibhéil, ardmhianach uile-rialtais is ea é chun an chruthaitheacht a phríomhshruthú i saol mhuintir an náisiúin sa dóigh gur féidir linn ár lánacmhainneacht chruthaitheachta a fhíorú go hindibhidiúil agus le chéile, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí.

Clár cultúrbhunaithe atá i gClár Éire Ildánach atá ceaptha le leas agus folláine an duine, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é bunús an chláir go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir mar spreagthach don chruthaitheacht phearsanta agus don chomhchruthaitheacht, agus go bhfuil impleachtaí suntasacha leis sin i dtaca le leas agus folláine agus éachtaí an duine aonair agus na sochaí.

Is trí Chlár Éire Ildánach go príomha a chuirfear i bhfeidhm na tosaíochtaí atá i gcáipéis bheartais an Rialtais, Cultúr 2025 – Éire Ildánach. Deirtear ann go bhfuil na healaíona agus an cultúr ina ndlúthchuid de Stát na hÉireann. Aithnítear freisin an gá atá le rochtain ar na healaíona agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú. De réir na cáipéise, ní mór na tionscail chruthaitheachta a threisiú agus ár n-oidhreacht a chaomhnú, agus béim ar leith a chur ar theanga, ar thírdhreach agus ar an gcomhshaol.

Is iad féiniúlacht, cultúr agus saoránacht na téamaí ar leith ar a bhfuil an clár bunaithe. Is iad Comhoibriú agus Cumarsáid, Cumasú an Phobail, agus Idirnáisiúnú na croíphrionsabail oibriúcháin.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916. This Plan sets out the beginning of Clare's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.'

A hive of Irish culture and history, Clare has long attracted visitors with the perfect combination of cultural festivals and incredible scenery. From the world-famous Cliffs of Moher to the Burren and the coastal beauty of Kilkee and Kilrush, Clare has it all. The county offers visitors and residents alike a fantastic quality of life and a rich living environment. Clare is already home to more than 150 festivals and cultural events each year, many of which celebrate the county's lengthy and celebrated association with Irish traditional music in places like Doolin, Feakle, Ennis and Miltown Malbay. The success of Ennis' bid for the 2016 and 2017 Fleadh Cheoil na hÉireann has created the perfect platform to create an ambitious programme that promotes the outstanding cultural attributes of the county.

Tá ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla i gcur i bhfeidhm clár iomlán Éire Ildánach. Tá mandáid acu, agus acusan amháin, tríd na meithleacha cultúir acu, Colún 2 den chlár a chur i bhfeidhm, mar atá Bonn a Chur faoin gCruthaitheacht i nGach Pobal. Bhí tionchar ollmhór ag na tionscadail chomhoibríocha a ndearna na rialtais áitiúla comhordú orthu le haghaidh Chomóradh 1916. Is mar gheall air sin a bhfuil an fhreagracht as Éire Ildánach á cur orthu anois.

Sa Phlean seo, leagtar amach na chéad chéimeanna i ról Chontae an Chláir san aistear cúig bliana. Aithnítear gur beartas náisiúnta fíorthábhachtach atá ann, é dírithe ar an gcultúr agus ar an leas agus folláine.

Tobar doimhin cultúir agus staire atá i gContae an Chláir. Tá na sluaite móra cuairteoirí ag tarraingt ar an áit le fada an lá le sult a bhaint as na féilte cultúir agus as an tírdhreach sár-álainn. Tá clú domhanda ar Aillte an Mhothair, ar an mBoirinn agus ar áilleacht chóstaí Chill Chaoi agus Chill Rois. Tá caighdeán saoil ard agus timpeallacht shaibhir mhaireachtála ar fáil do chuairteoirí agus d'áitritheoirí araon. Bíonn breis agus 150 féile agus imeacht cultúir ar siúl i gContae an Chláir gach bliain agus déanann cuid mhór acu ceiliúradh ar an mbaint sheanbhunaithe atá ag an gcontae leis an gceol traidisiúnta, go háirithe in áiteanna mar Dhúlainn, an Fhiacail, Inis agus Sráid na Cathrach. Is in Inis a bhí Fleadh Cheoil na hÉireann in 2016 agus is sa bhaile céanna a bheidh sí arís in 2017. Níl sarú na Fleidhe le fáil mar ardán chun clár uaillmhianach a chur i bhfeidhm a chuirfidh chun cinn sárthréithe cultúrtha an chontae.

Clare County Council, through the Culture Team, has developed a comprehensive Culture and Creativity Plan for the Creative Ireland Programme in Clare that highlights and strengthens the County's national and international reputation as a county of culture and creativity. This Plan, which aims to harness the creative synergies of all communities across Clare, details the projects and initiatives to be delivered in the county this year. In essence, Clare County Council is committed to creating a comprehensive programme that highlights and strengthens Clare's reputation as the spiritual home of Irish traditional music and as a county of culture to ensure economic and cultural benefits for all. This rich tradition and the existing cultural festivals throughout Clare will be central to the overall initiative which will promote our county of culture programme.

This document outlines some of the activities currently taking place and in development that matches and complements the goals and pillars of the Creative Ireland Programme. Following on from a process of community engagement, a Culture Plan for Clare 2018 – 2022 celebrating Clare's rich creative legacy and Clare County Council's role in promoting creativity throughout the county will be prepared for publication in autumn 2017.

Tá Plean cuimsitheach Cultúir agus Cruthaitheachta forbartha, tríd an Meitheal Chultúir, ag Comhairle Contae an Chláir le haghaidh Chlár Éire Ildánach. Léiríonn sé clú náisiúnta agus idirnáisiúnta an Chontae mar áit chultúir agus chruthaitheachta, agus is amhlaidh a chuirfidh sé leis an gclú céanna. Is é is aidhm leis an bPlean comhoibriú agus an comhar ó thaobh cruthaitheachta de atá ar siúl i bpobail ar fud an Chláir a cheapadh. Tá sonraí ann faoi na tionscadail agus tionscnaimh atá le cur i bhfeidhm ar fud an chontae i mbliana. Go bunúsach, tá Comhairle Contae an Chláir tiomanta do chlár cuimsitheach a chruthú a léiríonn agus a threisíonn cáil an chontae mar chroílár an cheoil thraidisiúnta agus mar áit chultúir d'fhonn buntáistí eacnamaíochta agus cultúrtha a bhaint amach do chách. Beidh an traidisiún saibhir seo agus na féilte cultúir atá bunaithe ar fud Chontae an Chláir cheana féin lárnach sa mhórthionscnamh chun clár chontae an chultúir a chur chun cinn.

Sa cháipéis seo tá cur síos ar chuid de na gníomhaíochtaí atá ag titim amach nó i mbéal forbartha cheana féin agus atá le teacht le spriocanna agus colúin Chlár Éire Ildánach. Bhí próiseas ann le hionchur an phobail a fháil, agus tá Plean Cultúir Chontae an Chláir, 2018-2022 á ullmhú faoi láthair agus foilseofar i bhfómhar 2017 e. Déantar ceiliúradh sa Phlean ar oidhreacht shaibhir chruthaitheachta an chontae agus ar ról Chomhairle Contae an Chláir maidir leis an gcruthaitheacht a chur chun cinn ar fud an chontae.

The Creative Ireland Team in Clare
MEITHEAL ÉIRE ILDÁNACH I GCLÁR

The Creative Ireland team (Culture Team) in Clare is multi-disciplinary, drawing on the complete scope of professionals within the County Council structure focused on delivering as comprehensive a programme as possible. The Culture Team is led by the Director of Service for Social Development and the team's activities are co-ordinated by the, Helen Walsh, County Librarian, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The full members of the Culture Team are:

Is foireann ildisciplíne í Meitheal Chultúir Éire Ildánach i gContae an Chláir. Tá gairmigh éagsúla ó gach réimse i struchtúr na Comhairle Contae uirthi, iad dírithe ar chlár chomh cuimsitheach agus is féidir a chur ar fáil. Is é an Stiúrthóir Seirbhísí um Fhorbairt Shóisialta a stiúrann an Mheitheal Chultúir agus is í Helen Walsh, an Leabharlannaí Contae, a chomhordaíonn gníomhaíochtaí na meithle. Tá sí ar dhuine de na 31 comhordaitheoir as fud fad na tíre atá ar an meitheal náisiúnta atá ag obair chun Clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas baill uile na Meithle Cultúir:

Liam Conneally

Director of Service

Liam Conneally is Director of Service for Social Development with responsibility for Housing, Estate Management, Culture and Sport. He is the lead Director for the Creative Ireland Programme in Clare. Email: lconneally@clarecoco.ie

Stiúrthóir Seirbhísí, Liam Conneally

Is é Liam Conneally an Stiúrthóir Seirbhísí um Fhorbairt Shóisialta. Tá sé freagrach as Tithíocht, Bainistiú na nEastát, Cultúr agus Spórt. Is é an Ceann-Stiúrthóir é ar Chlár Éire Ildánach i gContae an Chláir. Ríomhphost: lconneally@clarecoco.ie

Helen Walsh

County Librarian

Helen Walsh is the Clare County Librarian with responsibility for Library, Arts, Museum and Archives. She is a former committee member of the Ennis Bookclub Festival, a board member of glór and the West Clare Community and Education Centre. She was the 1916/2016 County co-ordinator and is presently the Creative Ireland co-ordinator for Clare. Email: hwalsh@clarecoco.ie

An Leabharlannaí Contae

Is í Helen Walsh Leabharlannaí Contae an Chláir agus tá sí freagrach as Leabharlanna, na hEalaíona, na Músaeim agus na hAirchíveanna. Is iarbhall coiste í d'Fhéile Chlubanna Leabhar Inse agus is comhalta boird de chuid glór agus de chuid Ionad Pobail agus Oideachais Iarthar an Chláir í. Ba í an comhordaitheoir Contae 1916/2016 í, agus is í comhordaitheoir Éire Ildánach i gContae an Chláir faoi láthair í. Ríomhphost: hwalsh@clarecoco.ie

Siobhán Mulcahy

Arts Officer

Siobhán Mulcahy was appointed County Arts Officer in October 1999. She is responsible for the promotion and development of the arts in the county. With experience of working with artists (of all disciplines) in the county and with her knowledge of all the art forms she brings a local and national expertise to the committee, advocating for increased recognition of the role that the arts plays in community and cultural development. Email: smulcahy@clarecoco.ie

an tOifigeach Ealaíon

Ceapadh Siobhán Mulcahy mar Oifigeach Ealaíon an Chontae i mí Dheireadh Fómhair 1999. Tá sí freagrach as na healaíona a chur chun cinn agus a fhorbairt sa chontae. Tá taithí aici ar a bheith ag obair le healaíontóirí (de gach disciplín) sa chontae. Mar gheall ar a oiread eolais atá aici ar na cineálacha uile ealaíon, tá saineolas ar leith aici ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon a théann chun tairbhe don choiste. Aitheantas don ról atá ag na healaíona i bhforbairt an phobail agus an chultúir an mórchúram atá glactha aici chuici féin. Ríomhphost: smulcahy@clarecoco.ie

Dick Cronin

Conservation Officer

Dick Cronin is an architectural conservation officer and archaeologist with Clare County Council responsible for the built environment of the county, this includes archaeological monuments, (c.6500 in number), protected structures (c.900), architectural conservation areas (most towns and villages) and vernacular buildings. He is a member of the Clare Heritage Forum and an editor of the county archaeological journal *The Other Clare.*
Email: ruacronin@clarecoco.ie

an tOifigeach Caomhantais

Is oifigeach caomhantais ailtireachta é Dick Cronin agus is seandálaí freisin é le Comhairle Contae an Chláir. Tá sé freagrach as timpeallacht thógtha an chontae, lena n-áirítear séadchomharthaí seandálaíochta (thart ar 6500 acu), struchtúir chosanta (thart ar 900 acu), limistéir chaomhantais seandálaíochta (formhór na mbailte agus na sráidbhailte) agus foirgnimh dhúchasacha. Is ball é d'Fhóram Oidhreachta an Chláir, agus is é an t-eagarthóir é ar irisleabhar seandálaíochta an chontae, *The Other Clare*.
Ríomhphost: ruacronin@clarecoco.ie

Congella McGuire

Heritage Officer

Congella McGuire has worked as Heritage Officer in Clare County Council since 2000. Her role is to promote the rich culture and heritage of County Clare and to enable and assist communities to fully realise the transformative possibilities and potential of heritage in every local area.
Email: cmcguire@clarecoco.ie

an tOifigeach Oidhreachta

Tá Congella McGuire ag obair mar Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae an Chláir ó bhí 2000 ann. Is é an ról atá aici cultúr agus oidhreacht shaibhir Chontae an Chláir a chur chun cinn agus pobail a chumasú chun na féidearthachtaí bunathraitheacha a bhaineann leis an oidhreacht i ngach ceantar áitiúil a fhíorú. Ríomhphost: cmcguire@clarecoco.ie

Philomena O'Connell

Tourism and Community Officer

Philomena O'Connell has worked with Clare County Council since 1998. She has worked in Human Resources, Housing and Community. She is currently working in Tourism and aims to promote County Clare as a place to work, live and visit.
Email: poconnell@clarecoco.ie

an tOifigeach Turasóireachta agus Cúrsaí Pobail

Tá Philomena O'Connell ag obair le Comhairle Contae an Chláir ó bhí 1998 ann. Tá seal caite aici ag obair i réimsí éagsúla, ina measc Acmhainní Daonna, Tithíocht agus Cúrsaí Pobail. Tá sí ag obair leis an Turasóireacht faoi láthair agus tá sé mar aidhm aici Contae an Chláir a chur chun cinn mar áit mhaith le hobair agus cónaí a dhéanamh ann agus mar áit thaitneamhach do chuairteoirí.
Ríomhphost: poconnell@clarecoco.ie

Sinead Dixon

Local Enterprise Office

Sinead Dixon joined Clare County Council as Administrator in April 2014 on the establishment of the Local Enterprise Office. She hopes that her role in the LEO will contribute to the Creative Ireland process over the next 5 years in County Clare and will build on work already underway in Local Authorities, just as it builds on existing government initiatives and programmes.
Email: sdixon@leo.clarecoco.ie

an Oifig Fiontair Áitiúil

Chuaigh Sinéad Dixon isteach i gComhairle Contae an Chláir mar Riarthóir i mí Aibreáin 2014 nuair a bunaíodh an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ). Tríd an ról aici san OFÁ, bítear ag cur le tionscnaimh agus le cláir rialtais, agus tá súil ag Sinéad go gcuirfidh a ról le hÉire Ildánach i gContae an Chláir sna cúig bliana atá romhainn agus leis an obair atá idir lámha ag na hÚdaráis Áitiúla cheana féin.
Ríomhphost: sdixon@leo.clarecoco.ie

John Rattigan

Museum Curator

John Rattigan was appointed Museum Curator for Clare County Museum in 2000. His interests include natural and built heritage with a strong background in archaeology, he has also worked in the County Museum in Dundalk. The County Museum is one of the key tourist attractions in Ennis with annual visitor numbers in excess of 35,000. It showcases the rich cultural heritage of the county through the *Riches of Clare* exhibition. Email: jrattigan@clarecoco.ie

Coimeádaí Músaeim

Ceapadh John Rattigan ina Choimeádaí ar Mhúsaem Chontae an Chláir in 2000. Tá suim mhór aige san oidhreacht nádúrtha agus san oidhreacht thógtha. Tá cúlra láidir sa tseandálaíocht aige agus chaith sé seal ag obair sa Mhúsaem Contae i nDún Dealgan. Tá an Músaem Contae ar cheann de na príomhthaitneamhachtaí turasóireachta in Inis. Bíonn breis agus 35,000 duine ag tabhairt cuairte air gach bliain. Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir an chontae curtha i láthair ann tríd an taispeántas *Seoda an Chláir*.
Ríomhphost: jrattigan@clarecoco.ie

Nicola Killeen

Rural Development Office

Nicola Killeen has worked with Clare County Council since 2002. She presently works in the newly formed Rural Development Directorate, is the 'Pride of Place' Co-ordinator for Clare and administers a number of community grant schemes. Her work in the Rural Development Directorate is focused on achieving the optimum welfare of rural communities in Clare thus creating a capacity for sustainability into the future.
Email: nkilleen@clarecoco.ie

an Oifig Forbairt Tuaithe

Tá Nicola Killeen ag obair le Comhairle Contae an Chláir ó bhí 2002 ann. Faoi láthair tá sí ag obair sa Stiúrthóireacht úr Forbairt Tuaithe. Is í an Comhordaitheoir í leis an gClár Mórtas Ceantair i gContae an Chláir, agus bíonn roinnt scéimeanna deontais phobail á riar aici. An sprioc atá lena cuid oibre sa Stiúrthóireacht Forbairt Tuaithe an leas is fearr agus is féidir a bhaint amach i bpobail tuaithe Chontae an Chláir d'fhonn acmhainn na hinbhuanaitheachta a chothú ar mhaithe leis an am atá le teacht.
Ríomhphost: nkilleen@clarecoco.ie

Frances O'Gorman

Clare County Library

Frances O'Gorman is Senior Executive Librarian at Clare County Library. She was a founding member of the Ennis Book Club Festival and is responsible for the marketing and promotion of the Library, Museum and Local Studies Centre. She will be involved in organising the Creative Ireland programme for the library service.
Email: fsogorman@clarecoco.ie

Leabharlann Contae an Chláir

Is Leabharlannaí Sinsearach Feidhmeannach í Frances O'Gorman i Leabharlann Chontae an Chláir. Ba dhuine de bhunaitheoirí Fhéile Chlubanna Leabhar Inse í agus tá sí freagrach as margaíocht a dhéanamh ar na Leabharlanna, ar na Músaeim agus ar an Ionad Staidéir Áitiúil agus as iad a chur chun cinn. Beidh páirt aici i gClár Éire Ildánach a eagrú le haghaidh seirbhís na leabharlann.
Ríomhphost: fsogorman@clarecoco.ie

Patricia Callaly

glór

Patricia Callaly is interim Director of glór. Patricia is a former Arts Officer and presently manages the successful glór venue (a 450+ seat theatre) in Ennis which is home to an extensive annual programme of cultural and community events.
Email: director@glor.ie

glór

Is í Patricia Callaly Stiúrthóir eatramhach glór. Ba Oifigeach Ealaíon í san am a chuaigh thart agus faoi láthair, tá glór (amharclann le breis agus 450 suíochán) á bhainistiú aici. Ionad rathúil in Inis é glór ina mbíonn clár leathan imeachtaí cultúir agus pobail ar siúl gach bliain.
Ríomhphost: director@glor.ie

Implementation

CUR I BHFEIDHM

The cultural plan for 2017 comprises of a grant aid initiative which closed on 12/4/2017. All successful applicants were notified by post at end of April and aspects of their community initiative are included in this programme.

Running concurrently with this is the inclusion of individual programmes of Clare County Council in the areas of culture – library, arts, museum, archives, heritage and enterprise.

As community partnership is recognized as a key aspect of this programme, updates on the programme and key events for 2017 will be made available through:

- Updates on social media
- Links to the national Creative Ireland programme website
- SPC presentations
- Chief Executive's Reports for County Council Meetings
- Features in local newspapers

Tá tionscnamh deontais i gcabhair mar ghné amháin de phlean cultúir 2017; 12/4/2017 an spriocdháta le haghaidh iarratas. Cuireadh scéala tríd an bpost chuig na hiarratasóirí rathúla ar fad ag deireadh mhí Aibreáin agus tá gnéithe dá dtionscnaimh phobail san áireamh sa chlár seo.

Tá cláir aonair Chomhairle Contae an Chláir san áireamh anseo, cláir a bhaineann leis na réimsí seo a leanas: cultúr, na leabharlanna, na healaíona, na músaeim, na hairchíveanna, an oidhreacht agus fiontraíocht.

As siocair go n-aithnítear comhpháirtíocht phobail mar phríomhghné den chlár seo, beidh an t-eolas is deireanaí faoin gclár agus faoi na príomhimeachtaí in 2017 ar fáil ar na dóigheanna seo a leanas:

- Postálacha ar na meáin shóisialta
- Naisc le suíomh gréasáin chlár náisiúnta Éire Ildánach
- Cuir i láthair do Choiste na mBeartas Straitéiseach
- Tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh le haghaidh Chruinnithe den Chomhairle Contae
- Gné-ailt i nuachtáin áitiúla

Projects for 2017
TIONSCADAIL DO 2017

CREATIVE IRELAND PROGRAMME FUNDED/PART FUNDED PROJECTS FOR 2017

The Travelling tea party and Fold and Rise.
A multi-disciplinary event with the purpose of showcasing how art can be an alternative means of engaging with issues of our time. Participants include local members of the sowing group, the Gallery mailing list, men's shed, community in general.
June 2017, Courthouse Gallery, Ennistymon, County Clare

Community mural on wall of Tulla Old Boys School
Local scouts between the ages of 12-18 years will paint the building with the help of scout leaders.
September 2017, Tulla Old Boys School

Poetry Collective
Every child a poet, encouraging young people to start enjoying poetry from early childhood onwards. Aimed at primary school children and teachers, this will take place in the Autumn 2017 and is County-wide.

Furniture upcycling and woodwork/craft workshops and "Humble Jumble" Pop Up Shop
Participants will include those on local CE schemes, men's shed group and the general public.
Tulla and Quin, June 2017

Ceol na nóg
Local musicians to give workshops to children with particular focus on North Clare style of music, Michael Cusack Centre, Carron, County Clare, June 2017

TIONSCADAIL MHAOINITHE/ PHÁIRTMHAOINITHE IN 2017 AG CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

Cóisir Tae agus Fold and Rise
Imeacht ildisciplíne a léiríonn conas is féidir leis an ealaín a bheith mar uirlis mhalartach le dul i ngleic le saincheisteanna na linne seo. Ar na rannpháirtithe tá baill an ghrúpa áitiúil cur plandaí, baill de liosta poist an Ghailearaí, lucht Men's Shed agus daoine eile den phobal mór. Meitheamh 2017, Gailearaí an Tigh Chúirte, Inis Díomáin, Contae an Chláir

Múrphictiúr pobail ar bhalla Sheanscoil na mBuachaillí, an Tulach
Le cuidiú ó cheannairí gasóg, déanfaidh gasóga áitiúla idir 12 bhliain agus 18 mbliana d'aois an foirgneamh a phéinteáil. Meán Fómhair, 2017, Seanscoil na mBuachaillí, an Tulach

Poetry Collective
Tá mianach an fhile i ngach páiste. Daoine óga a spreagadh le sult a bhaint as an bhfilíocht ón luathóige ar aghaidh. Dírithe ar pháistí bunscoile agus ar mhúinteoirí. An Fómhar, 2017, ar fud an chontae.

Cóiriú troscáin agus admhadóireacht / ceardlanna ceardaíochta agus Tobshiopa "Humble Jumble"
Ar na rannpháirtithe beidh daoine atá ar scéimeanna Fostaíochta Pobail, grúpaí Men's Shed agus daoine den phobal mór. An Tulach agus Cuinche, Meitheamh 2017

Ceol na nÓg
Beidh ceoltóirí áitiúla i mbun ceardlann do pháistí agus díreofar go sonrach ar stíl cheoil an Chláir Thuaidh. Ionad Mhíchíl Uí Chíosóig, An Carn, Contae an Chláir, Meitheamh 2017

Sparks Film Festival
Animation and film workshops to encourage creative expression through digital media. Open to all children but focus is on 6-18 age group.
Oct/Nov 2017, Scariff Library, East Clare

Féile Scannán Sparks
Ceardlanna beochana agus scannánaíochta chun páistí a spreagadh lena gcruthaitheacht a chur in iúl ar na meáin dhigiteacha. Fáilte roimh pháistí de gach aois, ach díreofar ar dhaoine óga idir 6 bliana agus 18 mbliana d'aois. Deireadh Fómhair/Samhain 2017, Leabharlann na Scairbhe, Oirthear an Chláir

Inisowiacy – Polish Folk Dance Group
Workshops showcasing the culture and traditions of Poland/Harvest Festival.
Ennis, September 2017

Inisowiacy – Grúpa Dhamhsa Tíre na Polainne
Ceardlanna le cultúr agus traidisiúin na Polainne a chur i láthair. Féile Fómhair Inse, Meán Fómhair 2017

Shannon Wetlands Restoration group
Walk & Talk –opportunity for local community, cultural groups, residents and visitors to learn about wetland habitats and the Wetland Restoration Project in Shannon.
August 2017.

Grúpa Athchóirithe Bhogach Shionainne
Siúlóid Threoraithe – deis ag an bpobal áitiúil, ag grúpaí cultúir, ag áitritheoirí agus ag cuairteoirí foghlaim faoi na gnáthóga bogaigh agus faoi Thionscadal Athchóirithe an Bhogaigh i Sionainn. Lúnasa 2017.

Dulick group in collaboration with Full Fathom theatre ensemble
Public/Professional theatre performance, with a particular focus on disability groups including managers, parents, guardians and friends.
Ennis, October/November 2017

Grúpa Diúilice i gcomhar le grúpa ó chompántas amharclainne Full Fathom
Léiriú poiblí/gairmiúil amharclainne a dhíríonn go sonrach ar ghrúpaí daoine faoi mhíchumas, a mbainisteoirí, a dtuismitheoirí, a gcaomhnóirí agus a gcairde san áireamh. Inis, Deireadh Fómhair/Samhain 2017

Síol-Seed event
A seed event reimaging a community embracing again the culture and alchemy of food production from soil to serving plate and aimed at school children, local GAA and Ogonnelloe residents.
May planting/ September harvesting, Ogonnelloe Community Centre, Ogonnelloe

Imeacht Síolta-Seed
Imeacht síolta chun athshamhlú a dhéanamh ar phobal a bheith ag dul do tháirgeadh bia an athuair, ón gcré go dtí an pláta. Tá sé dírithe ar pháistí scoile, ar an gclub áitiúil CLG agus ar áitritheoirí Thuath Ó gConaíle. Cuirfear na síolta i mí na Bealtaine agus bainfear i mí Mheán Fómhair iad. Ionad Pobail Thuath Ó gConaíle, Tuath Ó gConaíle.

Feile Latino/Los Paddys De Las Pampas,
Festival in its 5th year, in 2017 groups travelling from Paris and Madrid to participate. Local traditional musicians invited to play and exchange with visiting groups. This will interest County Clare residents with an interest in Latino and French culture and those from a Spanish, Brazilian and Portuguese background.
Ennistymon, June 2017

Homeless Gallery
A Homeless art gallery in its 3rd year – it pops up for a limited time to enable everyone to showcase their work – amateurs and professionals, there is no curatorship and no entry requirements.
An initiative of the Polish community, this is open to everyone.
Ennis, October 2017

A number of festivals in Clare are also part-funded as follows:

- Ennis Art Festival
- Féile Brian Ború
- Lissycasey Music Festival
- Ennis Street Arts Festival
- Dan Furey weekend
- Killaloe Chamber Music Festival
- Fleadh Cheoil an Chláir
- Kilrush Trad Music and Set Dancing Festival
- Kilfenora Music Festival
- Mountshannon Arts Festival
- Ennis Food Festival
- Clare Garden Festival
- Summer Music on the Shannon
- Doonbeg International Jazz Festival

Féile Latino/Los Paddys De Las Pampas,
Seo cúigiú bliain na féile seo agus beidh grúpaí ag teacht ó Pháras agus ó Mhaidrid in 2017 le páirt a ghlacadh inti. Beidh ceoltóirí áitiúla traidisiúnta ag seinm agus ag malartú ceoil leis na grúpaí a bheidh ar cuairt. Beidh suim ag áitritheoirí i gContae an Chláir a dtaitníonn an cultúr Laidineach agus an cultúr Francach leo san fhéile seo; bainfidh daoine de bhunadh na Spáinne, na Brasaíle agus na Portaingéile sult as freisin.
Inis Díomáin, Meitheamh 2017

Gailearaí Gan Dídean
Seo tríú bliain an Ghailearaí Gan Dídean. Tobghailearaí atá ann a bheidh ar oscailt ar feadh seala sula ndruidfear arís é. Beidh deis ag gach duine – ealaíontóirí amaitéaracha agus gairmiúla araon – a saothar a thaispeáint. Níl aon choimeádaí ann agus níl aon riachtanais iontrála ann. Tionscnamh de chuid phobal na bPolainneach é seo agus tá fáilte roimh chách. Inis, Deireadh Fómhair, 2017

Tá roinnt féilte i gContae an Chláir páirtmhaoinithe freisin. Is iad:

- Féile Ealaíne Inse
- Féile Bhrian Bóroimhe
- Féile Cheoil Lios Uí Chathasaigh
- Féile Ealaíon Sráide Inse
- Deireadh Seachtaine Dan Furey
- Féile Cheol Aireagail Chill Dalua
- Fleadh Cheoil an Chláir
- Féile Cheoil Thraidisiúnta agus Damhsa Seit Chill Rois
- Féile Cheoil Chill Fhionnúrach
- Féile Ealaíon Bhaile Uí Bheoláin
- Féile Bhia Inse
- Féile Gharraithe an Chláir
- Ceol Samhraidh ar an tSionainn
- Féile Idirnáisiúnta Snagcheoil an Dúin Bhig

Promotional Events 2017
IMEACHTAÍ PROMÓISIN 2017

Clare County Library
The library will strengthen its children's and teenage programmes in support of Pillar One – Enabling the Creative Potential of every child – these will include graphic art workshops, the Summer Stars initiative, Children's Book Festival events and a chess initiative to be piloted in Kilrush Library. Adult programmes are aimed at creativity in older age and also supporting Pillar Two include a memoir writing workshop for active retirement groups in Ennis and Culture Night initiatives in September, 2017.

Clare Museum
The Museum will support with archaeology and traditional singing workshops and Halloween arts and crafts workshops.

Clare Arts Office
The Arts Office will develop a number of initiatives that support and cross all five pillars of the Creative Ireland Programme including the establishment of a film forum in the county, the development of a new website showcasing artists and artworks from Clare through digital platforms, the production of a CD of traditional songs for and by Clare children and artists residencies with communities throughout the county.

Clare Heritage Office
The Heritage Office will emphasise Heritage week events in August which aim to educate more people around the enjoyment of the natural heritage of the county. The Heritage Office is also involved in the making of three short films which highlight the work of the oral history organization – Cuimhneamh an Chláir, the wetlands of Loop Head and the Cultural centre in Kilkishen, Co Clare.

Leabharlann Contae an Chláir
Mar thacaíocht do Cholún a hAon – Scód a Ligean le Cumas na Cruthaitheachta i nGach Leanbh – cuirfidh an leabharlann bonn láidir faoina cláir do pháistí agus do dhéagóirí. Ar na himeachtaí a bheidh ann tá ceardlanna ealaíne grafaice, tionscnamh Réaltaí an tSamhraidh, an Fhéile Leabhar do Pháistí agus tionscnamh fichille ar bhonn píolótach i Leabharlann Chill Rois. Tá na cláir do dhaoine fásta dírithe ar an gcruthaitheacht sa scothaois agus tacaíonn siad le Colún a Dó. Beidh ceardlann scríobh dírbheathaisnéise ann do ghrúpaí scoir ghníomhaigh Inis agus beidh tionscnaimh ann don Oíche Chultúir i mí Mheán Fómhair, 2017.

Músaem an Chláir
Beidh ceardlanna seandálaíochta agus amhránaíochta traidisiúnta ann agus beidh ceardlanna ealaíne agus ceirde ann um Shamhain.

Oifig Ealaíon an Chláir
Forbróidh an Oifig Ealaíon roinnt tionscnamh a thacaíonn leis na cúig cholún i gClár Éire Ildánach agus a bhaineann le gach ceann acu. Bunófar fóram scannán sa chontae agus forbófar suíomh gréasáin nua ar a dtaispeánfar ealaíontóirí agus saothar ealaíne ó Chontae an Chláir ar ardáin dhigiteacha. Déanfar dlúthdhiosca d'amhráin thraidisiúnta do pháistí, le páistí ó Chontae an Chláir á gceol, agus beidh cónaitheachtaí d'ealaíontóirí ann ar fud an chontae.

Oifig Oidhreachta an Chláir
Cuirfidh an Oifig Oidhreachta béim ar imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa; beidh sé mar aidhm leo níos mó daoine a chur ar an eolas faoin taitneamh atá le baint as an oidhreacht nádúrtha sa chontae. Beidh an Oifig Oidhreachta páirteach i ndéanamh trí ghearrscannán freisin faoi na nithe seo a leanas: obair an eagras seanchais, Cuimhneamh an Chláir, bogach Cheann Léime agus an t-ionad cultúir i gCill Chisín, Contae an Chláir.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

Comhairle Contae an Chláir
Clare County Council